CINNEADH Ó CHOMHCHOISTE LE Uimh. 143/2020

an 25 Meán Fómhair 2020

lena leasaítear Iarscríbhinn XX (an Comhshaol) a ghabhann le Comhaontú LEE [2023/1401]

TÁ COMHCHOISTE LEE,

Ag féachaint don Chomhaontú ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ('Comhaontú LEE'), agus go háirithe Airteagal 98 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/856 ón gCoimisiún an 26 Feabhra 2019 lena bhforlíontar Treoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le hoibriú an Chiste don Nuálaíocht ([1]), tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(2) Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinn XX a ghabhann le Comhaontú LEE a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Cuirtear an pointe seo a leanas isteach i ndiaidh phointe 21alj (Cinneadh (AE) Uimh. 2015/1814 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle) d'Iarscríbhinn XX a ghabhann le Comhaontú LEE:

'21alk. **32019 R 0856**: Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/856 ón gCoimisiún an 26 Feabhra 2019 lena bhforlíontar Treoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le hoibriú an Chiste don Nuálaíocht (IO L 140, 28.5.2019, lch. 6).'

Airteagal 2

Is téacs barántúil a bheidh i dtéacs Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/856 san Íoslainnis agus san Ioruais, téacs atá le foilsiú i bhForlíonadh LEE d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an 26 Meán Fómhair 2020, ar choinníoll go mbeidh na fógraí uile faoi Airteagal 103(1) de Chomhaontú LEE tugtha *, nó ar lá theacht i bhfeidhm Chinneadh Uimh. 112/2020 ó Chomhchoiste LEE an 14 Iúil 2020 ([2]), cibé acu is déanaí.

Airteagal 4

Foilseofar an Cinneadh seo i Roinn LEE, agus i bhForlíonadh LEE, d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 25 Meán Fómhair 2020.

Thar ceann Chomhchoiste LEE
An tUachtarán
Sabine MONAUNI

([1]) IO L 140, 28.5.2019, lch. 6.

* Ní shonraítear aon cheanglas bunreachtúil.

([2]) Cinneadh ó Chomhchoiste LEE Uimh. 112/2020 an 14 Iúil 2020 lena leasaítear Iarscríbhinn XX (An Comhshaol) a ghabhann le Comhaontú LEE 2023/1372 (IO L 172, 6.7.2023, lch. 33).